



POLASAÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017-2022

COMHDHÁIL OIDEACHAIS 2016
COGG AGUS GAELOIDEACHAS
CILL CHAINNIGH, 11 SAMHAIN 2016

HAROLD HISLOP, PRÍOMHCHIGIRE, AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

- ❑ An chéad straitéis chuimsitheach don oideachas sa Ghaeltacht ó bhunú an Stáit
- ❑ Gealltanais lárnach sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019* a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2016
- ❑ Mórghné den *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*
- ❑ Fís don oideachas Gaeltachta



Tá tábhacht an-mhór ag baint leis an bpolasaí nua seo. Is é atá sa Pholasaí ná an chéad straitéis chuimsitheach riamh don oideachas sa Ghaeltacht ó bhunú an Stáit i leith.

Tugann sé aitheantas do ról na scoileanna i dtaca le húsáid na Gaeilge sna pobail Ghaeltachta, agus tá súil againn sa Roinn go gcruthóidh an Polasaí na coinníollacha cuí chun sárscoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht a fhorbairt.

Thosaigh an Roinn ar an bPolasaí a fhobairt beagnach dhá bhliain ó shin. Le linn na bliana seo caite, d'fhoilsigh an Roinn plépháipéar ar thodhchaí an oideachais sa Ghaeltacht. Ghlac muintir na Gaeltachta agus eagraíochtaí eile, Gaeloideachas ina measc, páirt iomlán sna cruinnithe a bhí ar siúl timpeall na tíre chun an dréachtpholasaí a phlé. Fuair an Roinn breis agus 500 freagraí i scríbhinn agus ar líne agus roinn sibh uile bhur dtaithí agus bhur mbuairteanna maidir leis an soláthar oideachais sa Ghaeltacht.

Cé gur aithrigh an Rialtas i mbliana, nuair a d'fhoilsigh an tAire Bruton an *Plean Gníomhaíochta don Oideachas* i mí Mheán Fómhair, gheall sé go bhfoilseodh sé *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* roimh dheireadh na bliana. Tá sé ráite ag an Taoiseach féin gur mórghné den *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* is ea an Polasaí seo a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe agus de réir mar a cheadaíonn acmhainní.

Fís don oideachas Gaeltachta

- ❑ Is limistéar í an Ghaeltacht a bhfuil tábhacht shuntasach teangeolaíochta, chultúrtha agus eacnamaíoch léi
- ❑ Aithníonn an Polasaí go bhfuil an Ghaeilge an-leochaileach mar theanga theaghlaigh agus phobail sa Ghaeltacht
- ❑ Aithnítear gur acmhainn luachmhar í an Ghaeltacht nach bhféadfaí a fháil ar ais do chainteoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge

3

Bhuel, cad í an fhís don oideachas Gaeltachta atá léirithe sa Pholasaí?

Aithníonn an Polasaí go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an nGaeltacht, ó thaobh teanga agus cultúr de, agus ar a lán cúiseanna eile.

Ach tá a fhios againn nach bhfuil úsáid na teanga láidir i ngach limistéar Gaeltachta. Tá sé ráite ag taighdeoirí, mar shampla, go bhfuil an chontúirt ann nach mbeidh an Ghaeilge in úsáid mar theanga phobail sna limistéir Gaeltachta taobh istigh de 10 mbliana nó mar sin.

Aithníonn an Polasaí gur acmhainn í an Ghaeltacht nach bhféadfaí a fháil ar ais do chainteoirí agus foghlaimeoirí na Gaeilge.

Fís don oideachas Gaeltachta

- ❑ Aithnítear an ról atá ag scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta chun úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne
- ❑ Tá muinín agus tacaíocht na dtuismitheoirí agus an phobail áitiúil d'obair na scoileanna i limistéir Ghaeltachta ríthábhachtach

Agus aithníonn an Polasaí an ról atá ag scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta chun oideachas ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus chun úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne.

Ach, aithnítear freisin nach féidir le scoileanna amháin feabhas a chur ar na fabhbanna seo: tá muinín agus tacaíocht na dtuismitheoirí agus an phobail áitiúil d'obair na scoileanna i limistéir Ghaeltachta ríthábhachtach chomh maith.

Taighde: Na dúshláin

- ❑ Daltaí a thagann ó raon leathan cúlraí teanga
- ❑ Úsáid an Bhéarla ag méadú i limistéir Ghaeltachta
- ❑ Éilimh éagsúla ann i measc tuismitheoirí maidir leis an teanga teagaisc
- ❑ Deacracht ag a lán scoileanna i limistéir Ghaeltachta múinteoirí a earcú
- ❑ Líon na scoileanna agus na suíomhanna oideachais luathbhlianta atá ag gníomhú trí mheán na Gaeilge

5

D'úsáid an Roinn raon leathan taighde chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta. Foilsíodh an taighde sin ar fad ar shuíomh gréasáin na Roinne anuraidh. Léiríonn an taighde sin na dúshláin a chuireann bac ar scoileanna, oideachas ar ardchaighdeán trí Ghaeilge, a chur ar fáil do leanaí – do leanaí a mbíonn an Ghaeilge mar phríomhtheanga sa bhaile acu agus do leanaí a mbíonn a dtuismitheoirí ag iarraidh go bhfaighidh siad oideachas trí Ghaeilge.

Is gá do scoileanna i limistéir Ghaeltachta oideachas a chur ar fáil **do dhaltaí a thagann ó raon leathan cúlraí teanga** – daltaí a thógtar trí Ghaeilge, daltaí a thógtar trí Ghaeilge agus trí Bhéarla araon, daltaí a thógtar trí Bhéarla, agus daltaí nach bhfuil Gaeilge ná Béarla mar mháthairtheanga acu. Toisc gurb í an scoil Ghaeltachta an t-aon scoil sa cheantar áitiúil go hiondúil, ní mór do scoileanna Gaeltachta freastal ar gach ceann de na grúpaí sin. Ar ndóigh, leagann sin dúshlán breise ar mhúinteoirí agus ar scoileanna.


is minic gur mionlach laistigh de scoileanna Gaeltachta iad leanaí a thógtar trí Ghaeilge anois.

Is amhlaidh go mbíonn **éilimh éagsúla ann i measc tuismitheoirí** maidir leis an teanga teagaisc freisin. Mar thoradh air sin, cuirtear isteach ar an gcumas atá ag scoileanna áirithe sa Ghaeltacht freastal ar riachtanais foghlama na leanaí atá á dtógáil trí Ghaeilge

Bíonn deacracht ag a lán scoileanna i limistéir Ghaeltachta **múinteoirí a earcú** a bhfuil cumas acu an curaclam a sholáthar trí Ghaeilge.

Agus caithfimid glacadh leis nach bhfuil na scoileanna uile sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí Ghaeilge, cé go bhfuil siad lonnaithe i limistéir Ghaeltachta agus - go hoifigiúil ar aon nós - ag múineadh ábhair an churaclam trí Ghaeilge.

Taighde: Na dúshláin



6

Tuairiscíonn na scoileanna féin ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal go n-oibríonn níos mó na trí cheathrú (78%) de bhunscoileanna agus timpeall seachtó faoin gcéad (68%) d'iarbhunscoileanna atá lonnaithe sa Ghaeltacht go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Tá fianaise ann, áfach, go ndéanann na huimhreacha seo áibhéil faoin bhfáil atá ar lánoideachas trí Ghaeilge.

Níl an Roinn Oideachais freagrach as na suíomhanna oideachais sna luathbhlianta sa Ghaeltacht. Ach is eol dúinn gur trí mheán na Gaeilge a oibríonn níos lú ná leath (46%) de na suíomhanna sin atá lonnaithe i limistéir Ghaeltachta. Bíonn impleachtaí aige sin do na scileanna teanga atá ag leanaí óga agus iad ag dul isteach sa bhunscoil. Ón mbliain seo ar aghaidh, beidh dhá

bhliain den luathoideachas ar fáil saor in aisce do gach leanbh sa scéim ECCE, agus is deis iontach é sin cumas teanga na bpáistí sa Ghaeltacht a fhobairt, más i nGaeilge atá an luathoideachas sin ar fáil.

[NÓTA:

Tuairiscíonn 102 de na 134 (78%) de na bunscoileanna príomhshrutha agus 19 de na 28 iarbhunscoil (68%) atá lonnaithe sa Ghaeltacht go n-oibríonn siad go hiomlán trí Ghaeilge. (Eolas bunaithe ar thuairisceáin scoileanna na scoilbhliana 2015 / 2016).

Tá 127 suíomh oideachais luathbhlianta ag glacadh páirte sa chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) i limistéir Ghaeltachta, a bhfuil 59 díobh ag feidhmiú trí Ghaeilge agus ag fáil tacaíochta ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG)]

Taighde: Na féidearthachtaí

- ❑ Fianaise ó na cás-staidéir ar scoileanna Gaeltachta
- ❑ I gcásanna áirithe tá ag éirí le scoileanna.....
 - oideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil
 - ról suntasach a ghlacadh chun úsáid na Gaeilge a spreagadh i measc phobal na scoile uile

Ach ag an am céanna, léirítear san fhianaise ó na cás-staidéir ar scoileanna Gaeltachta a rinne Cigireacht na Roinne, go bhfuil ag éirí le scoileanna **i gcásanna áirithe** oideachas ar ardchaighdeán trí Ghaeilge a chur ar fáil; agus go bhfuil ag éirí leo ról suntasach a ghlacadh chun úsáid na Gaeilge a spreagadh i measc phobal na scoile uile.

Na toscaí is tábhachtaí ina leith sin ná....

- ❑ Ceannaireacht sciliúil tiomanta ó cheannairí scoile a aithníonn an tábhacht a bhaineann le cáilíocht agus úsáid na Gaeilge a neartú sa scoil agus sa phobal i gcoitinne
- ❑ Teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán a sholáthar sa scoil
- ❑ Rannpháirtíocht ghníomhach tuismitheoirí in obair na scoile
- ❑ Tacaíocht láidir ón bpobal áitiúil
- ❑ Sainacaíocht chun tabhairt faoi na dushláin

8

Seo iad cuid de na dtosca is tábhachtaí ina leith sin:

- ceannaireacht éifeachtach ó cheannairí scoile a aithníonn an tábhacht a bhaineann le cáilíocht agus úsáid na Gaeilge a neartú sa scoil agus sa phobal i gcoitinne
- teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán a sholáthar sa scoil
- rannpháirtíocht ghníomhach tuismitheoirí in obair na scoile; agus
- tacaíocht láidir ón bpobal áitiúil.

Thugamar faoi deara nuair a bhí na cúinsí cearta ann, **gur féidir** leis na scoileanna ról suntasach a ghlacadh maidir le méadú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge sa phobal. Sna cás-staidéir, tháingamar ar áiteanna inar tháinig meath ar cháilíocht an oideachais trí Ghaeilge sa scoil agus ar úsáid na Gaeilge sa phobal. Fiú amháin i gceantair den chineál sin, taispeánadh sna cás-staidéir go

bhféadfadh ceannaireacht bhríomhar sa scoil agus tacaíocht láidir ón bpobal áitiúil an meath sin a aisiompú. Ba léir ón bhfianaise idirnáisiúnta, freisin, an tábhacht a bhaineann le stádas agus leibhéal úsáide na teanga laistigh den phobal ar a bhfreastalaíonn an scoil.

Agus, dar liom féin, ní mór dúinn béim faoi leith a leagadh ar ról na dtuismitheoirí sa phróiseas seo. Léiríonn an fhianaise ó thíortha eile ina n-úsáidtear bearta oideachais chun tacú le mionteangacha an pointe sin dúinn. Fé mar atá cruthaithe ag an taighde a seoladh ar maidin, is gá an luach a bhaineann leis an scolaíocht tríd an mionteanga a chur ina luí ar thuismitheoirí a chónaíonn i bpobail mhionteanga ionas go mbeadh muinín acu as an gcur chuige lán-Ghaeilge. I ndáiríre, is gá go gcreideann tuismitheoirí go bhfuil buntáistí breise - buntáistí ar leith - ar fáil ag a bpáistí nuair a fhreastalaíonn siad ar scoil atá ag gníomhú trí mheán na Gaeilge.

Agus is léir ón dtaighde, freisin, gur gá tacaíocht speisialta a chur ar fáil do na scoileanna seo chun tabhairt faoi na dushláin atá rompu.

Aidhm an Pholasaí

- ❑ Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge i scoileanna sa chaoi is go gcinntítear gurb é an t-oideachas lán-Ghaeilge a gcéad rogha ag tuismitheoirí i ngach limistéar Gaeltachta
- ❑ Tacú le soláthar oideachais cuí trí mheán na Gaeilge do leanaí agus do dhaoine óga atá á dtógáil trí Ghaeilge
- ❑ Méadú ar chodán na scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí Ghaeilge
- ❑ Ról á ghlacadh ag scoileanna agus pobal na scoileanna sa phróiseas pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta, 2012

9

Ag éirí as an méid atá ráite, cén aidhm atá ag an bpolasaí seo?

Toisc go n-aithnítear an ról atá ag scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta chun úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne, is í an aidhm atá ag an bpolasaí ná feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais trí Ghaeilge i scoileanna sa Gaeltacht.

Tá súil againn go ndéanfar an dul chun cinn sin ar shlí a chinntíonn gurb í an scolaíocht trí Ghaeilge céad rogha na dtuismitheoirí i ngach limistéar Gaeltachta. Tuigtear cé chomh deacair agus atá sé leanbh a thógáil trí Ghaeilge. Tarlaíonn sé go mbíonn díomá ar tuismitheoirí áirithe nuair a théann a ngasúir ar scoil sa

Ghaeltacht, agus go mbíonn níos mó teagmhála acu leis an mBéarla ná mar a samhlaíodh.

Dá bharr sin, tá súil againn go mbeidh méadú ar chodán na scoileanna agus na suíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí Ghaeilge, ach is tábhachtaí caighdeán an oideachais trí Ghaeilge sna scoileanna sin thar aon ní eile. 'Sí an aidhm atá againn ná a chinntiú go mbeidh fáil ag tuismitheoirí ar oideachas ar ardchaighdeán trí Ghaeilge i ngach limistéar Gaeltachta.

Anuas ar sin, tá sé mar aidhm againn go mbeidh an scoil agus pobal na háite ina bhfuil an scoil suite ag glacadh páirte sa phróiseas pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta, mar caithfidh an scoil agus an pobal ina bhfuil an scoil suite comhoibriú lena chéile chun úsáid na teanga a chur chun cinn agus stádas na teanga mar theanga phobail an cheantair a threisiú.

.

Agus chun an aidhm a bhaint amach...

- ❑ Tacaíocht a sholáthar do scoileanna chun tabhairt faoi na dúshláin atá rompu
- ❑ Raon cuimsitheach gníomhartha idirnasctha a sholáthar chun a chinntiú go bhfuil oideachas ar ardchaighdeán trí Ghaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta
- ❑ Tá sé de rogha ag gach scoil aitheantas mar **scoil Ghaeltachta** a lorg

10

Chun an aidhm sin a bhaint amach, glactar leis sa Pholasaí gur gá tacaíocht ar leith a sholáthar do scoileanna ionas gur féidir leo tabhairt faoi na dúshláin atá acu.

Leagann an polasaí amach raon cuimsitheach gníomhartha, chun a chinntiú go bhfuil oideachas ar ardchaighdeán trí Ghaeilge ar fáil, do na daoine óga uile atá ina gcónaí sna limistéir Ghaeltachta.

Tá sé mar bhunchloch leis an bPolasaí seo go mbeidh sé de rogha ag gach scoil sa Ghaeltacht aitheantas a lorg mar **scoil Ghaeltachta**. Ní chuirfear iachall ar aon scoil aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach: níl an tAire nó foireann na Roinne ag rá le scoil ar bith gur gá don scoil an t-aitheantas sin a lorg, ach tá súil

againn go ndéanfaidh an scoil agus pobal na scoile an rogha sin.

Aitheantas mar scoil Ghaeltachta: Cén fáth?

- ❑ Tábhacht ar leith ag baint le stádas teanga na scoile
- ❑ Tuairim mhuintir na Gaeltachta
- ❑ Fianaise sa taighde ó thíortha eile:
 - Torthaí éifeachtacha nuair a ainmnítear scoileanna áirithe mar scoileanna a oibríonn go hiomlán tríd an mionteanga
 - Spreagadh agus cead don scoil tumoideachas a úsáid
 - Spreagadh chun oideachas den scoth a chur ar fáil sa sprioctheanga

11

Cén fáth go bhfuil “aitheantas mar scoil Ghaeltachta” chomh lárnach sa Pholasáí?

Ón taighde a bhí mar bhunús leis an bPolasaí, bhí sé soiléir go raibh tábhacht ar leith ag baint le stádas teanga na scoile.

Chualamar an tuairim sin go minic nuair a bhíomar ag éisteacht le muintir na Gaeltachta. Agus bhí fianaise mar gheall ar an bpointe seo le fáil sa taighde ó thíortha eile freisin [ó thíortha inar úsáideadh bearta oideachais chun tacú le mionteangacha a choinneáil mar theanga phobail.]

Fuarthas amach i gcórais eile gur féidir torthaí rathúla a bhaint amach nuair a ainmnítear scoileanna áirithe mar scoileanna a oibríonn go hiomlán tríd an mionteanga. Déanann an taighde cur síos ar chásanna a léiríonn go soiléir go gcuireann an t-aitheantas sin ar chumas scoileanna oideachas saibhir a chur ar fáil sa sprioctheanga, agus go dtugann an stádas seo cead, misneach agus spreagadh do scoileanna tumoideachas a úsáid sna luathchéimeanna den oideachas.

Aitheantas mar scoil Ghaeltachta (2)

- ❑ **Bunscoil:** clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tsraith naíonán, nach múinfear Béarla ar bith lena linn
- ❑ **Bunscoil:** cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm, ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge
- ❑ **Iarbhunscoil:** leathnú a dhéanamh ar an bhfáil ar churaclam iomlán trí Ghaeilge, seachas curaclam an Bhéarla agus teangacha eile, de réir mar a ghluaiseann an scoil i dtreo cur chuige lántumtha

12

Faoi láthair, táthar ag súil gur trí Ghaeilge a bhíonn scoileanna atá lonnaithe sa Ghaeltacht ag gníomhú . Mar a dúirt mé, tá an-éagsúlacht ann maidir le cur i bhfeidhm an chleachtais sin.

Faoin bpolasaí nua, tabharfar cuireadh do scoileanna **aitheantas a lorg mar scoil Ghaeltachta**. Tá aithint na scoileanna Gaeltachta ar an mbealach sin ag teacht leis an taighde idirnáisiúnta a luaigh mé.

Chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta, beidh ar scoileanna feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile), i gcomhréir le critéir theangabhunaithe.

Sna scoileanna seo:

- Cuirfidh bunscoil Ghaeltachta clár lán-thumtha dhá bhliain i bhfeidhm sa tsraith naíonán, nuair nach múinfear Béarla ar bith lena linn
- Beidh na hábhair churaclaim uile sa bhunscoil , seachas an curaclam don Bhéarla, á sholáthar trí Ghaeilge i rang a haon go rang a sé
- Sna hiarbhunscoileanna, déanfar leathnú ar an bhfáil ar churaclam iomlán trí Ghaeilge do scoláirí trí ghluaiseacht i dtreo cur chuige lán-thumtha ina múinfear na hábhair uile, seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile, trí Ghaeilge

Aitheantas mar scoil Ghaeltachta (3)

- ❑ Aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge
- ❑ Comhdheiseanna a sholáthar dóibh siúd i scoileanna Gaeltachta iargúlta trí chlár ar líne agus foghlama cumaisc
- ❑ Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga trí chuidiú le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta
- ❑ Páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála teanga, mar a leagtar amach faoi Acht na Gaeltachta, 2012

13

Beidh ar scoileanna Gaeltachta:

- aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge
- comhdheiseanna a sholáthar dóibh siúd i scoileanna Gaeltachta iargúlta trí chlár ar líne agus foghlama cumaisc
- tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga trí chuidiú le húsáid na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta.
- páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála teanga, mar a leagtar amach faoi Acht na Gaeltachta, 2012.

Aitheantas mar scoil Ghaeltachta (4)

- ❑ Beidh cúig bliana ar a mhéid ag scoileanna chun an stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach
- ❑ Ciorclán á fhoilsiú i rith an earraigh agus beidh seans ag scoileanna cur isteach ar an bpróiseas
- ❑ Déanfaidh scoileanna Plean Gníomhaíochta a fhorbairt trína bpróisis féinmheastóireachta, trí léargas soiléir
 - ar an gcaoi a chomhlíonfaidh an scoil riachtanais an phróisis aitheantais ar bhealach céimneach
 - ar an gcaoi ina dtógfaidh an scoil nascachtaí lena pobal áitiúil chun úsáid na Gaeilge a chothú

14

Maidir leis na scoileanna ar mian leo stádas mar scoil Ghaeltachta a bheith acu, beidh cúig bliana ar a mhéid acu chun an stádas sin a bhaint amach.

Foilseoidh an Roinn ciorclán i rith an earraigh seo chugainn agus beidh seans ag scoileanna cur isteach ar an bpróiseas. Beidh ar an Aonad nua Gaeltachta sa Roinn Oideachas & Scileanna rialacha agus sonraí an phróisis aitheantais a shocrú sna míonna romhainn agus rachaidh siad i gcomhairle le COGG agus leis na comhpháirtithe uile agus an obair seo idir lámha acu.

I gcás na scoileanna a gheallann go mbeidh siad ina Scoileanna Gaeltachta, déanfaidh siad Plean Gníomhaíochta a fhorbairt, trína bpróisis féinmheastóireachta. Léireoidh an plean go soiléir an chaoi ina gcomhlíonfaidh an scoil riachtanais an phróisis aitheantais ar bhealach céimneach, agus an chaoi ina mbeidh siad ag comhoibriú leis an bpobal áitiúil chun úsáid na Gaeilge a chothú.

Aitheantas mar scoil Ghaeltachta (5)

- ❑ Acmhainní teagaisc nó acmhainní eile a sholáthar ar bhonn céimneach
 - nuair a chuirtear tús leis an bpróiseas aitheantais
 - de réir mar a bhaintear amach gach céim de go rathúil
 - de réir mar a léiríonn an scoil a ndul chun cinn i leith stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach
- ❑ Aitheantas faoi leith do scoileanna barr feabhais

15

Maidir le scoileanna a gceadaítear a n-iarratais chun páirt a ghlacadh sa phróiseas aitheantais Scoileanna Gaeltachta, tabharfar acmhainní teagaisc nó acmhainní breise dóibh, ar bhonn céimneach, nuair a chuirtear tús leis an bpróiseas aitheantais, agus de réir mar a bhaintear amach gach céim de go rathúil.

Faoi mar a dúirt mé cheana, gheobhaidh na scoileanna na hacmhainní breise ar bhonn céimnithe de réir mar a léiríonn siad go bhfuil siad ag déanamh dul chun cinn ar stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.

Tá sé i gceist go dtabharfaí aitheantas faoi leith do **scoileanna barr**

feabhais a léiríonn ardchumas maidir le baint amach na gcrítear aitheantais agus a thugann faoi ghníomhaíochtaí feabhais le cruthaitheacht agus nuálaíocht. Samhlaítear go roinnfidh na scoileanna seo a gcleachtas le scoileanna eile agus go mbeidh baint acu sa cheannas ar phobail chleachtais.

Aitheantas mar scoil Ghaeltachta

Mar shampla....

- ❑ I gcuid de na scoileanna, foireann teagaisc bhreise a sholáthar ar mhaithe le tacaíocht teanga chun cuidiú le saibhriú teanga na gcainteoirí dúchais
- ❑ Acmhainní teagaisc breise trí chéimithe nuacháilithe ó chlár oiliúna tosaigh múinteoirí a chur ar socrúchán ar bhonn *ex quota* i scoileanna Gaeltachta
- ❑ Maoiniú breise chun tacú le scoileanna le cur i bhfeidhm an Pholasaí agus rolladh amach an phróisis aitheantais scoileanna Gaeltachta i gcomhréir le critéir ar leith
- ❑ Deiseanna forbartha gairmiúla tiomnaithe, á maoirsiú ag COGG, do mhúinteoirí, príomhoidí agus cúntóirí teanga chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí

16

Mar shampla,

- I gcuid de na scoileanna, gheobhaidh an scoil foireann teagaisc bhreise: cuir i gcás, uaireanta teagaisc chun cuidiú le saibhriú teanga na gcainteoirí dúchais
- Beidh deis ag bunscoileanna agus iarbhunscoileanna acmhainní teagaisc breise a fháil trí chéimithe nuacháilithe ó chlár oiliúna múinteoirí a chur ar socrúchán sa scoil ar feadh bliana ar bhonn *ex quota*
- Maoiniú breise do scoileanna chun tacú leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus an próiseas aitheantais scoileanna Gaeltachta a rolladh amach agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal scoile i

gcomhréir le critéir ar leith

- [amhail méid na scoile, leithdháileadh foirne reatha, próifíl agus riachtanais teanga na scoile, comhthéacs socheacnamaíochta, codán na foirne a bhfuil cáilíochtaí bainte amach acu a bhaineann leis an oideachas trí mheán na Gaeilge, agus leibhéal an dul chun cinn agus an tiomantais don Ghaeilge]
- Beidh deiseanna forbartha gairmiúla (CPD) le fáil ó COGG, do mhúinteoirí, príomhoidí agus cúntóirí teanga chun cumas a fhorbairt agus chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

Gníomhartha chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí

- 1) Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú
- 2) Tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí mheán na Gaeilge
- 3) Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt
- 4) Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge
- 5) Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga
- 6) Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú
- 7) Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí

17

Cuirfear tacaí ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar chumas na scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta Gaeltachta, oideachas ardchaighdeán trí Ghaeilge, a sholáthar sa Ghaeltacht.

Leagtar amach na tacaí seo faoi na seacht gcolún den *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta*.

Níl an t-am agam chun dul tríd gach ceann acu ar an ócáid seo, ach mar shampla....

Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú

- ❑ Maoiniú breise a sholáthar do scoileanna Gaeltachta chun tacú le rolladh amach agus cur i bhfeidhm an Pholasaí
- ❑ Fiosrú ar an bhféidearthacht leis an líon mór scoileanna beaga sa Ghaeltacht a athchumrú
- ❑ Fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht le molscoil nó ríomhscoil (e-scoil) a bhunú le seomraí ranga fíorúla chun leathnú a dhéanamh ar raon na roghanna curaclaim atá ar fáil in iarbhunscoileanna beaga

18

Ag caint faoi struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú,

- Beidh maoiniú breise do scoileanna Gaeltachta chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí
- Déanfar fiosrú ar an bhféidearthacht leis an líon mór scoileanna beaga sa Ghaeltacht a athchumrú
- Déanfar fiosrú faoin bhféidearthacht le molscoil nó ríomhscoil a bhunú le seomraí ranga fíorúla mar rogha chun leathnú a dhéanamh ar raon na roghanna curaclaim atá ar fáil do scoláirí in iarbhunscoileanna beaga

Tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí mheán na Gaeilge

- ❑ A chinntiú go dtacaíonn na socruithe d'ath-implonnú múinteoirí (*redeployment*) le soláthar an oideachais trí Ghaeilge sa Ghaeltacht
- ❑ Méadú ar dheiseanna chun múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú chun an curaclam a sholáthar trí Ghaeilge
- ❑ Leathnú ar sholáthar na múinteoirí nuacháilithe don oideachas trí Ghaeilge ag leibhéil na hiarbhunscoile agus na bunscoile
- ❑ Deiseanna tiomnaithe FGL (CPD) a sholáthar do phríomhoidí agus múinteoirí i scoileanna Gaeltachta

19

Seo sampla eile:

Téama eile ná: "Tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí mheán na Gaeilge i scoileanna agus réamhscoileanna Gaeltachta"

- Le blianta beaga anuas, bhí scoileanna na Gaeltachta mí-shásta leis na socruithe atá ann chun múinteoirí a athrú ó scoil amháin go scoil eile nuair nach mbíonn dóthain daltaí i scoil áirithe [socruithe d'ath-implonnú múinteoirí (*redeployment*) a ghlaotar orthu]. **Rinneadh athrú ar an socruithe sin in 2013.** Tá sé geallta sa pholasaí go scrúdófar na socruithe nua sin le cinntiú go dtacaíonn siad le soláthar oideachais trí Ghaeilge sa

Ghaeltacht.

- Leathnú ar sholáthar na múinteoirí nuacháilithe don oideachas trí Ghaeilge ag leibhéil na hiarbhunscoile agus na bunscoile. 'Sé atá i gceist anseo ná áiteanna sa bhreis a chur ar fáil d'ábhar oidí ag an iarbhunleibhéal agus cúrsa B Ed trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil d'oidí bunscoile trí phróiseas iomaíoch tairisceana
- Deiseanna tiomnaithe FGL (CPD) a sholáthar do phríomhoidí agus múinteoirí i scoileanna Gaeltachta

Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt

- ❑ Deiseanna tiomnaithe d'ionduchtú agus d'fhorbairt ghairmiúil ardchaighdeán a sholáthar do phríomhoidí i scoileanna Gaeltachta
- ❑ Tacú le boird bhainistíochta ina ról sa bhainistíocht agus rialachas, go háirithe i dtaca le héiteas agus pleanáil teanga
- ❑ Soiléiriú ar ról na bpátrún scoile i dtaca leis an éiteas teanga a chosaint i scoileanna Gaeltachta atá faoina scáth

20

Is gá a chinntiú go gcuirtear ar chumas na bpríomhoidí agus na mball sinsearach eile d'fhoireann na scoile a ról cheannaireachta agus bhainistíochta a chur i gcrích i gcomhthéacs na scoile Gaeltachta. Go háirithe, tá sé tábhachtach go bhfuil an t-eolas agus na scileanna atá riachtanach ag príomhoidí i scoileanna Gaeltachta i leith rudaí ar nós

- tuiscint ar thumoideachas;
- conas tabhairt faoi phleanáil teanga scoile uile;
- conas freastal ar na riachtanais ar leith a bhaineann le ceannaireacht agus bainistíocht ar scoil Ghaeltachta;
- na scileanna atá riachtanach chun tacú leis an nGaeilge mar theanga an teaghlaigh agus an phobail.

Tá ról an-tábhachtach ag boird bhainistíochta scoileanna Gaeltachta chomh maith agus aithnítear sa Pholasáí gur gá traenáil a thabhairt dóibh chun a ról ceannaireachta a chur i gcrích go héifeachtach i gcomhthéacs scoil Ghaeltachta.

Beidh ról lárnach ag COGG san obair seo agus iad ag comhoibriú leis an Lárionad Ceannaireachta Scoile (*Centre for School Leadership*) agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí SFGM (PDST) chun an oiliúint seo a chur ar fáil.

Gníomhartha eile

- ❑ Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge
 - Teanga 1 agus Teanga 2 ar fáil sa Ghaeilge
- ❑ Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga
 - COGG a threisiú
- ❑ Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú
 - An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, & An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- ❑ Feasacht a fhorbairt, agus cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí

21

Níl an t-am againn anois breathnú ar na gníomhartha uile sa Pholasaí ach clúdaíonn siad na téamaí atá ar an scáileán.

Leagtar amach sa Pholasaí conas a chuirfidh an Roinn agus an CNCM **feabhas ar an gcuraclam** – Le blianta beaga anuas (ó 1999) tá curaclam Gaeilge ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge Teanga 1 agus do scoileanna Teanga 2 ag leibhéal na bunscoile – curaclam Gaeilge amháin chun freastal ar riachtanais na ndaltaí i scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna, agus an curaclam Gaeilge eile a chuirtear i bhfeidhm sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Go dtí seo, ní raibh an rogha sin ar fáil sna hiarbhunscoileanna agus chualathas gearáin ó scoileanna Gaeltachta agus ó Ghaelcholáistí nach raibh an cúrsa Gaeilge oiriúnach do na scoláirí sna scoileanna sin, go háirithe cainteoirí dúchais Gaeilge. Ón mbliain seo chugainn ar aghaidh, beidh cúrsa Gaeilge T1 agus T2 ar fáil do scoláirí na Sraithe Sóisearaí. Beidh ar scoil atá aitheanta mar scoil Ghaeltachta an Ghaeilge 21

Tuigimid gur gá díriú ar an gceist seo ag leibhéal na hArdteiste chomh maith agus glactar leis sa Pholasáí go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh ar an ábhar sin.

Tá gníomhartha sa Pholasáí a bhaineann le **hacmhainní teagaisc agus tacaí teanga** agus beidh gá le cumas COGG, chun díriú ar an ngné seo, a threisiú.

Déantar tagairt don luathoideachas sa Pholasáí cé gur ar an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, ar Údarás na Gaeltachta agus ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá an phríomhfhreagracht as an oideachas sna luathbhlianta). Fuaireamar an-chabhair ó na Ranna sin (agus ó Udarás na Gaeltachta) nuair a bhí an Polasaí á mhúnlú againn.

Tá a fhios agam go n-aithníonn an Roinn Gaeltachta cé chomh tábhachtach agus atá sé tacaí breise a chur ar bun chun feabhas a chur ar an oideachas trí Ghaeilge sna naíonraí. Tuigeann siad freisin go gcaithfear tacú le suíomhanna oideachais luathbhlianta eile atá ag glacadh páirte sa chlár ECCE, agus a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh seirbhísí a chur ar fáil go hiomlán trí Ghaeilge.

Dúradh liom go mbeidh Roinn na Gaeltachta, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Údarás na Gaeltachta, agus an Roinn Oideachais ag obair

go dlúth le chéile ar an tasc seo.

Agus baineann an seachtú colún den Pholasáí le scaipeadh scéal an Pholasáí ar thuismitheoirí agus pobal na Gaeltachta. Beidh sé tábhachtach tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas. Is gá leis, an dea-chleachtas, maidir le cothú naisc fhóna idir scoileanna agus pobail, a chomhroinnt.

Struchtúir thiomnaithe

- ❑ Aonad Gaeltachta sa Roinn
- ❑ COGG agus na seirbhísí tacaíochta scoile agus ceannaireachta
- ❑ An Chigireacht agus an Foras Taighde ar Oideachas (ERC)
- ❑ Coiste Comhairleach
- ❑ Cur i bhfeidhm an Pholasaí a thuairisciú faoin *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*

Cé go bhfuil tábhacht ag baint le foilsiú an pholasaí, tá a fhios agam agus ag foireann na Roinne nach bhfuil ann ach tús na hoibre.

Tá cinneadh déanta ag Ardrúnaí na Roinne go gcuirfear Aonad Gaeltachta nua ar bun sa Roinn chun cur i bhfeidhm an Pholasaí a stiúradh. Beidh oifigigh ag obair san aonad agus cigirí ag cuidiú leo. Chomh maith le sin bunófar coiste comhairleach chun go mbeidh fáil ar thuairimí ó COGG, ó mhuintir na Gaeltachta, agus ó na comhpháirtithe ar an gcaoi is fearr leis an bpolasaí a chur i bhfeidhm.

Déanfaidh an Chigireacht monatóireacht ar thionchar an Pholasaí agus tabharfaimid tuairisc ar an tionchar sin. Nuair a bheidh an Chigireacht ag tacú leis na scoileanna, beimid ag obair go dlúth le COGG agus leis na seirbhísí tacaíochta scoile agus ceannaireachta a bheidh ag obair i gcomhar le COGG.

Faoi mar a luaidh mé cheana, tabharfaidh an Roinn acmhainní breise do COGG chun acmhainní foghlama ardchaighdeáin a fhorbairt agus chun freastal ar riachtanais na múinteoirí agus na scoileanna.

Beidh an Chigireacht agus an Foras Taighde ar Oideachas (ERC) ag comhoibriú ar mheastóireacht a dhéanamh ar thionchar an Pholasaí. Beidh ar an Roinn dul chun cinn ar chur i bhfeidhm an Pholasaí a thuairisciú faoin *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* chomh maith.

Tosófar ar an bpolasaí a chur i bhfeidhm de réir a chéile ó mhí Mheán Fómhair 2017. Beidh thart ar mhilliún euro (€1m) ó Mhí Mheán Fómhair 2017 ar fáil chun tús a chur leis an obair. Cuireadh an t-airgead sin ar leataobh i mBuiséad 2017. Beidh thart ar 3 mhilliún (€3m) ag teastáil sa bhliain ina dhiaidh sin, agus suimeanna níos airde nuair a bheidh an Polasaí faoi lán tseoil.

COGG a threisiú

- ❑ Acmhainní breise do COGG
- ❑ Ról comhordaithe maidir le tacaíochtaí agus tionscnaimh ar leith a chur ar fáil don oideachas Gaeltachta i gcomhar leis na seirbhísí tacaíochta náisiúnta agus gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear
 - cláir um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do scoileanna Gaeltachta
 - tairseach acmhainní Gaeilge ar líne a fhorbairt agus a bhainistiú
 - raon agus cáilíocht acmhainní Gaeilge a leathnú
 - treoirlínte dea-chleachtais do scoileanna Gaeltachta a fhorbairt

COGG a threisiú

Tabharfar acmhainní breise do COGG chun cuidiú le tacaíocht agus acmhainní a sholáthar do scoileanna chun an Polasaí a chur i bhfeidhm go rathúil

Glacfaidh COGG ról comhordaithe maidir le tacaíochtaí agus tionscnaimh ar leith a chur ar fáil don oideachas Gaeltachta i gcomhar leis na seirbhísí tacaíochta náisiúnta agus gníomhaireachtaí eile. Go sonrach is í COGG a bheidh freagrach:

- cláir um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do scoileanna Gaeltachta
- tairseach acmhainní Gaeilge ar líne a fhorbairt agus a bhainistiú
- raon agus cáilíocht acmhainní Gaeilge a leathnú
- treoirlínte dea-chleachtais do scoileanna Gaeltachta a fhorbairt

Buíochas

- ❑ Próiseas fada comhairliúcháin
- ❑ Mórbhuíochas le gach duine a bhí páirteach sa chomhrá
 - Eagraíochtaí: Gaeloideachas, Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta, Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Coimisinéir Teanga, An Foras Pátrúnachta
- ❑ Comhoibriú suntasach:
 - An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta
 - An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
 - An Roinn Oideachais agus Scileanna
- ❑ COGG agus foireann an Roinne

D'fhás an Polasaí as próiseas fada comhairliúcháin. Bhí deis ag scoileanna agus pobail Ghaeltachta a dtuairimí a thabhairt maidir le cad ba cheart a bheith sa Pholasaí. Thapaigh sibhse, agus eagraíochtaí éagsúla - Gaeloideachas ina measc - an deis sin.

Ba mhaith liom mórbhuíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach sa chomhrá sin agus a rá libh gur éist an Roinn go géar le bhur dtuairimí. Seans nach bhfuil gach rud a bhí á lorg agaibh sa Pholasaí, ach, creidim go dtugann an plan seo deis do scoileanna agus pobail Ghaeltachta aghaidh a thabhairt ar na dúshlán atá acu, agus an teanga a láidriú sna scoileanna agus sna limistéir Ghaeltachta.

Is mór agam an comhoibriú suntasach a bhí ar siúl - agus a leanann ar aghaidh - idir oifigigh na Roinne Oideachais agus oifigigh na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Thug Máire Killoran ón Roinn sin, in éineacht le Beirte Ó hAnmhaire agus Seán Ó Leighin an-tacaíocht dúinn. Táim cinnte go leanfaidh an comhoibriú seo sna blianta romhainn, nuair a bheidh an Polasaí seo á chur i bhfeidhm.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le roinnt daoine eile chomh maith: le COGG – Dónal Ó hAinifín, Cathaoirleach agus le Muireann Ní Mhóráin, Príomhfheidhmeannach. Thug Muireann an-chabhair dúinn sa Roinn leis an obair seo, ní hamháin nuair a bhí an polasaí á mhúnlú, ach freisin, nuair a bhí an próiseas comhairliúcháin á reachtáil againn, agus nuair a bhí an polasaí á chur i gcló.

Laistigh den Roinn d'oibrigh a lán daoine go dian ar an dtionscnamh seo – go háirithe Breda Naughton agus mo chomhghleacaithe sa Chigireacht, Pádraig Mac Fhlannachadha, Treasa Kirk, Oilibhéar de Búrca, Helen Ní Catháin, agus Martin Lally. Bhí an t-ádh orainn go bhfuairamar an-tacaíocht ó Ardrúnaí na Roinne, Seán Ó Foghlú, agus ó Joe Hamill, Ardrúnaí na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, freisin.

An focal scoir

“Creidim go ndéanfaidh an polasaí seo agus na beartais a bhaineann leis an-difríocht do na scoileanna agus na pobail Ghaeltachta agus do stádas na Gaeilge sna Gaeltachtaí.”

Enda Kenny, TD, An Taoiseach

“Táim ag súil go mbeidh toradh an pholasaí le feiscint ar an obair sna scoileanna go luath. Táim ag súil go rachaidh an polasaí chun tairbhe na Gaeilge, na bhfoghlaimoirí agus na bpobal Gaeltachta.”

Richard Bruton, TD, An tAire Oideachais agus Scileanna

25

Bhí an t-ádh orainn chomh maith go raibh an-suim ag an Taoiseach féin, ag an Aire Bruton agus roimhe sin, ag an Aire O’Sullivan sa tionscnamh seo.

Mar sin, fágfaidh mé an focal scoir ag an Aire Bruton agus ag an Taoiseach. Faoi mar a dúirt siad agus an polasaí á sheoladh acu ar an gCeathrú Rua le déanaí:

“Creidim go ndéanfaidh an polasaí seo agus na beartais a bhaineann leis, an-difríocht do na scoileanna agus na pobail Ghaeltachta agus do stádas na Gaeilge sna Gaeltachtaí.” *Enda Kenny, TD, An Taoiseach*

“Táim ag súil go mbeidh toradh an pholasaí le feiscint ar an obair sna scoileanna go luath. Táim ag súil go rachaidh an polasaí chun tairbhe na Gaeilge, na bhfoghlaimoirí agus na bpobal Gaeltachta.”

Richard Bruton, TD, An tAire Oideachais agus Scileanna

Níl sárú ar a leithéid de sprioc ná spreagadh! Go raibh maith agaibh!